An Teastas Sóisearach le hathrú

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi athruithe atá le cur i bhfeidhm ar an Teastas Sóisearach. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, ceangail na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. controversy	*a. athchóirithe*
2. amendments	*b. beartais*
3. to see	*c. comhréiteach*
4. policies	*d. conspóid*
5. approach	*e. cur chuige*
6. continuous assessment	*f. féachaint le*
7. experts	*g. leasuithe*
8. school report	*h. measúnú leanúnach*
9. confident	*i. muiníneach*
10. reformed	*j. saineolaithe*
11. compromise	*k. tuairisc scoile*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2 Féach ar an mír anois agus ceangail na píosaí eolais ar chlé leis na píosaí cearta eolais ar dheis.

1. Bhí an Mheánteistiméireacht ar siúl-	a) -maidir le neamh-chomhoibriú leis na beartais.
2. Beidh an Teastas Sóisearach ar siúl go dtí-	b) -agus tuairisc scoile.
3. Tar éis 2017, beidh-	c) -go dtí 1991.
4. Deir Máire Ní Chiarba go bhfuil múinteoirí imníoch-	d) -measúnú leanúnach i gceist.
5. Is ionann an teastas a bheidh ag daltaí tar éis 2017-	e) -na háiseanna ag scoileanna chun na hathchóirithe a chur i gcrích.
6. Deir Aontas Múinteoirí Éireann nach bhfuil-	f) -suífidh oifigigh ón Roinn síos le múinteoirí chun gach rud a phlé agus chun teacht ar chomhréiteach.
7. Tá Aontas Múinteoirí Éireann agus Cumann na Meánmhúinteoirí chun vóta a chaitheamh-	g) -nach mbeidh an caighdeán céanna ag gach dalta.
8. Deir Ruairí Quinn go-	h) -2017.

1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**

Ceist 3 Féach ar an tuairisc uair amháin eile. Déan plé ar ábhar na míre leis an duine in aice leat, ag úsáid na n-abairtí faoi cheist 2 thuas.

Ceist 4 '…leis an **b**plean…'

(1) Cén fáth a bhfuil urú ar an bhfocal ***plean*** thuas?

(2) Cuir an fhoirm cheart den fhocal atá idir lúibíní sna bearnaí. Tá an chéad cheann déanta duit.

ag an (ollscoil):	*ag an ollscoil*
ar an (bróg):	_____
ar an (farraige):	_____
leis an (áit):	_____
thar an (sráid):	_____
as an (tír):	_____
ag an (fuinneog):	_____
as an (tuiscint):	_____

Ceist 5 Na hiolraí

Bhí iolraí na n-ainmfhocal seo ar fad le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

leasú:	_____
beartas:	_____
déagóir:	_____
scrúdú:	_____
múinteoir:	_____
saineolaí:	_____
príomhrud:	_____
áis:	_____
scoil:	_____
athchóiriú:	_____
oifigeach:	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoin Teastas Sóisearach?
2. Cad a cheapann tú faoi mheasúnú leanúnach?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
d	g	f	b	e	h	j	k	i	a	c

Ceist 2

1	**2**	**3**	**4**	**5**	**6**	**7**	**8**
c	**h**	**d**	**g**	**b**	**e**	**a**	**f**

Ceist 3
Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 4
Is é an tuiseal tabharthach uatha atá i gceist. Nuair a thagann réamhfhocal agus an t-alt roimh ainmfhocal, cuirtear urú ar na consain b, c, g, f, p. Ní athraíonn na consain d, t, l, m, n, r nó gutaí. Cuirtear t roimh s más ainmfhocal baininscneach atá i gceist.

ag an (ollscoil):	*ag an ollscoil*
ar an (bróg):	*ar an mbróg*
ar an (farraige):	*ar an bhfarraige*
leis an (áit):	*leis an áit*
thar an (sráid):	*thar an tsráid*
as an (tír):	*as an tír*
ag an (fuinneog):	*ag an bhfuinneog*
as an (tuiscint):	*as an tuiscint*

Ceist 5

leasú:	*leasuithe*
beartas:	*beartais*
déagóir:	*déagóirí*
scrúdú:	*scrúduithe*
múinteoir:	*múinteoirí*
saineolaí:	*saineolaithe*
príomhrud:	*príomhrudaí*
áis:	*áiseanna*
scoil:	*scoileanna*
athchóiriú:	*athchóirithe*
oifigeach:	*oifigigh*

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Tá an chonspóid faoi na leasuithe atá beartaithe ag an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, ar an Teastas Sóisearach fós ar bun. Tá sé fógartha ag Cumann Múinteoirí Éireann agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí go bhfuil siad le vóta a chaitheamh féachaint an nglacfaidh siad leis na beartais.

Grett O'Connor
Go dtí 1991 an Mheánteist (an Mheánteistiméireacht) a bhí le déanamh ag déagóirí ag a raibh trí bliana caite sa mheánscoil. Ó shin i leith is é an Teastas Sóisearach atá i gceist. An cur chuige céanna a bhí i gceist sa dá theastas sin – scrúduithe móra ag deireadh na scoilbhliana. Anois ón mbliain 2017 ar aghaidh tá sé beartaithe go mbeidh measúnú leanúnach i gceist, agus é sin curtha i gcrích ag na múinteoirí ar a gcuid daltaí féin.

Máire Ní Chiarba
Ní thuigim conas gur féidir le hAire Oideachais gan a bheith ag éisteacht leis na saineolaithe istigh sa seomra ranga. Ceann de na príomhrudaí atá ag cur isteach orainn faoi láthair ná, cad mar gheall ar an gcaighdeán? Conas go mbeidh an tAire in ann a bheith cinnte go bhfuil an caighdeán ceannann céanna i ngach uile scoil? Agus, chomh maith leis sin, rud an-mhór atá ag cur as dúinn ná an teastas a bheidh ag na daltaí ag deireadh na tríú bliana, ní teastas ón Stát a bheidh ann. Is ionann an teastas a bheidh acu agus tuairisc scoile. *So*, conas gur féidir linn a bheith muiníneach as a leithéid?

Grett O'Connor
Deir Aontas Múinteoirí Éireann nach bhfuil na háiseanna ag na scoileanna chun na athchóirithe atá leagtha amach a chur i gcrích. Deir siad go ndéanfar dochar don oideachas má leantar ar aghaidh leis an bplean. Tá sé beartaithe acu siúd agus ag Cumann na Meánmhúinteoirí freisin vóta a ghlacadh maidir le neamh-chomhoibriú leis na beartais athchóirithe. Ach maíonn an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, go mbeidh oifigigh ón Roinn ag suí síos leis na múinteoirí chun na hábhair imní atá acu a phlé, agus chun teacht ar chomhréiteach sásúil. Grett O'Connor, Nuacht TG4.